

❖ An Lúibín ❖

27 Aibreán 2020

Freagra ar 'Na Rómhánaigh in Éirinn'

San eagrán deireanach bhí alt ar an rian a d'fhág na Rómhánaigh ar Éirinn. Seo roinnt smaointe ar an ábhar a chuir Criostóir Ó Maonaigh chugainn.

Bhaineas an-taitneamh as an méid a bhí sa Lúibín mar gheall ar an mbaint a raibh ag Impireacht Rómhánach le hÉirinn. Mar is léir ó na foinsí atá luaite, d'fhág daoine gan aithne rian na Róimhe in áiteanna éagsúla thall is abhus in Oirthear na hÉireann, ach ní fhéadfaí bheith cinnte dearfa cérbh iad a d'fhág ann iad, boinn agus araille. Ní féidir linn fiú a bheith cinnte de nár chuir an ginereal Agricola an léigiún amháin thall chun na hÉireann a gabháil, mar a bhí á mhaoimh aige. Is geall le deimhin a dhéanamh de go raibh Rómhánaigh áirithe ag tabhairt turasanna ar ár dtírín agus iad chomh gar di. Ach deirtear linn sna scríbhúnní nár cuireadh ionsaí uirthi de bharr neamhshuime. D'fheadfadh go bhfuil sé sin fíor, ach, ná déanaimis dearmad, cé gur ginereal cliste oilte ab ea Agricola bhíodh a fhios aige cad a tharla ag Cath Teutoburg Forest sa bhliain 9AD, nuair a bhuaigh treibheanna na nGearmánach ar thrí léigiún. De réir tuairiscí ní raibh deis ag na léigiúin troid in eagar ceart catha i measc na gcrann agus deineadh scrios agus ár orthu. Bheadh a fhios ag Agricola go raibh oileán na hÉireann clúdaithe le fásach coille den chuid is mó. Anuas air sin timpeall 100AD chuaigh Léigiún IX Hispana ó thuaidh agus chuireadar cath ar na Caledoní ag Sliabh Graupus, pé áit i ngarbhchríoch na hAlban é, agus ina dhiaidh sin d'imígh an léigiún sin as radharc gan trácht ná tuairisc orthu ná fillleadh go deo. B'in an léigiún a bhí fé cheannas Agricola ar feadh tamaill sa Bhreatain t'réis teacht na Rómhánach i dtír ann i 43 AD.

Agus mé ag machnamh dom, smaoinigh mé ar roinnt teoiricí eile seachas ionsaí a thabharfadh míniú ar rian Rómhánach a bheith in Éirinn: a) an trácht idir an dá tír a bhíodh ar siúl i bhfad roimh teacht na Rómhánach go dtí An Bhreatain, agus a leanfadh é, b) Rómhánaigh nó Briotánaigh nó fiú amháin Gailligh a bheith lonnaithe in Éirinn, c) creachadóirí Éireannaigh t'réis ionsaí ar imeallbhord iartharach na Breataine, agus c) óglaigh Éireannaigh a bhí fillte t'réis a bheith ag troid ina mbuíon chúnta in arm na Róimhe. An é go raibh tréithe agus nósanna na Rómhánaigh t'réis dul i bhfeidhm chomh mhór sin orthu gur leanadar ag maireachtaint sa tslí sin as san amach i gcampa de réir léigiún Rómhánach?



Ainmneacha ban ón seansaoil

Más bean thú b'fhéidir nár mhaith leat inniu Cailleach Dé nó Bean Mhumhan a bheith ort mar ainm. Bhí a léitheidí á n-úsáid fadó, áfach, in éineacht lena lán ainmneacha eile nach bhfuil á n-úsáid anois nó nach bhfuil á n-úsáid go coitianta.

Baineadh tairbhe anseo as ár gcuid taighde féin agus as saothar Kathleen M. O'Brien, *Index of Names in Irish Annals: Feminine Names*, atá le fáil ag Medieval Scotland: <https://medievalscotland.org/kmo/AnnalsIndex/Feminine/>.

Tá na hainmneacha rangaithe ag O'Brien de réir tréimhsí agus iad faighte aici sna hannála éagsúla. Baineann siad leis an limistéar Gaelach go léir, idir Éire agus Albain. Rinneamar rogha de roinnt ainmneacha ar fiú cuimhneamh orthu fós agus cuireadh litriú nua-aoiseach orthu.

AD 501-700

Caoireach; Mór. Bhí *Mór* in úsáid leis na céadta bliain. Baineann an t-ainm *Muireann* leis an ré sin freisin agus é in úsáid fós.

AD 701-1050

Muiríol (Muirgheal), Dúnlaith, Cainneach, Críonóg, Eillbhrí, Saorlaith, Séadach, Síthmhaith. Baineann na hainmneacha Aoibhinn, Eithne, Órlaith agus Sadhbh leis an tréimhse sin freisin agus iad á n-úsáid fós.

AD 1051-1200

Ailleann, Béibhinn, Dearbháil, Gormlaith. Baineann Ailbhe, Aoife, Áine agus Éadaoin leis an tréimhse sin agus iad á n-úsáid fós.

AD 1201-1600

Raghnaill, Fíniúin, Maoilmheá, Duibheasa. Baineann Aifric, Aoife agus Lasairfhútona leis an tréimhse sin agus iad in úsáid fós, a bheag nó a mhór. (Aifric is ainm don phríomhcharachtar i ndráma do daoine óga ar TG4.) Tá Sláine, ainm eile ón tréimhse sin, le fáil fós ó am go chéile.

Dhá ainm shuimiúla eile ó na meánaoiseanna is ea *Dearbhfhorghaill* agus *Liach*. Mholfaimis ‘Dear(a)bhorail’ mar fhuaimniú an chéad ainm, cé go mb’fhearr le daoine éigin ‘Dear(a)bhor(a)ghaill’.

Má tá leanbh agat agus í gan bhaisteadh fós, déan machnamh ar an méid sin thuas agus bain geit, más gá, as do chairde gaoil.



An tAb ina bhean

Fear a rinneadh bean de agus a thiontaigh ar ais ina fhear – sin ábhar an scéil atá le fáil thíos. An leagan den scéal atá anois againn scríobhadh é, b’fhéidir, sa 14ú haois. Luaitear cúig lámhscríbhinn mar fhoinsí, ó Leabharlann an Breataine i Londain, ó Acadamh Ríoga na hÉireann agus ó Leabharlann Bodley in Oxford. Tá an scéal le fáil i Leabhar Fhear Maí, saothar a bhaineann leis an 15ú haois.

D’fhoilsigh Kuno Meyer an scéal mar ‘Story of the abbot of Druimenaig, who was changed into a woman’ in *Anecdota from Irish Manuscripts* (1907).¹ Sin é an leagan atá foilsithe ag an tioscnamh acadúil CELT (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)² agus atá tiontaithe thíos go Gaeilge nua-aoiseach. Tá Droimeanach féin i mBarúntacht na Coise Uachtaraí i gContae Bhaile Átha Cliath.³

Déantar tagairt do chúpla sean-nós Éireannach sa scéal. Ba ghnách le cléir na hÉireann pósadh agus bhí an t-altramas fite fuaite i saol na linne sin – páistí a chur ina gcónaí le teaghlaigh eile ar feadh roinnt blianta, rud a chothaigh caidreamh idir muintireacha. Téama eile is ea an duine a shúleann go bhfuil tamall fada caite aige as láthair (cuimhnítear ar Oisín i dTír na nÓg) ach a bhfuil mearbhall air. Is minic an claochlú le fáil i scéaláíocht na hÉireann - sa bhéaloideas, sna finscéalta agus san Fhiannaíocht. An Púca ag cur malairt crutha air féin, seanduine a dhéanamh d’Fhionn le draíocht, cuileog álainn a dhéanamh d’Éadaoin. Ach níl púcaí ná déithe ná an Sí le fáil sa scéal seo; tá blas níos saolta air, agus fiú (b’fhéidir) iarracht de ghreann ann. Tá leaganacha den scéal le fáil sa bhéaloideas.

Insítear an scéal go tomhaiste, rud a chuireann lena éifeacht, agus d’ainneoin dhíomá an Aba díreach tar éis an chlaohlaithe ní thugtar le fios gur measa a bheith i do bhean ná i d’fhear: cuirtear in iúl gur dhá ghné riachtanacha den duine atá i gceist. Mar sin féin, tá an tAb (agus é pósta) scanraithe ar dtús: ní thuigeann sé céard iad na peacaí atá á n-agairt air agus cuma mná tagtha air.

Cloíodh le bunleagan an scéil chomh mór agus ab fhéidir sa leagan nuachóirithe agus cuireadh fonótaí leis de réir mar ba ghá.

Achoimre:

Téann an tAb óg amach um Cháisc agus titeann sé ina chodladh ar chnoc. Nuair a dhúisíonn sé feiceann sé gur bean é, rud a chuireann iontas agus uafás air. Buaileann fear óg léi (ós bean an tAb anois) agus é ina airchinneach (maor tailte eaglaiseacha). Titeann an t-airchinneach i ngrá léi, luíonn léi agus pósann í. Beireann sí clann dó, agus lá amháin téann sí féin agus a fear céile ar ais chun an Cháisc a cheiliúradh. Titeann sí ina codladh ar an gcnoc céanna ach nuair a dhúisíonn sí is fear arís í. Téann an tAb ar ais chun a theaghlaigh féin ansin agus roinntear an chlann idir é féin agus an t-airchinneach.

¹ *Anecdota from Irish Manuscripts*, eagr. O. J. Bergin, R. I. Best, Kuno Meyer, J. G. O’Keeffe. , Halle/Saale, Max Niemeyervolume 1 (1907)

² Story of the abbot of Druimenaig, who was changed into a woman (Author: Unknown): <https://celt.ucc.ie/published/G201029/index.html>

³ Logainm: <https://www.logainm.ie/en/891?s=Droimeanach>

Scéal Ab Dhroimeanaigh, fear a ndearnadh bean de

Óglach áirithe a bhí in abacht Dhroimeanaigh, thriall sé chun fleá chomórtha a dhéanamh do fhriotháil na Cásca. Tar éis ullmhú na fleá chuaigh an t-óglach amach as an mbruíon⁴ agus shuigh ar chnoc ardmhór an-aoibhinn a bhí os cionn baile; agus is amhlaidh a bhí an t-óglach agus hata lánmhaiseach lín um a cheann agus léine den sról ríoga le custal a ghealchnis⁵ agus ionar suaithanta sómasach thairis aneachtair⁶ agus brat den scarlóid dúdhoinn ar tonnaíl ina thimpeall agus claíomh ór-dhoirn inaonaigh⁷ ina lámh, agus ar rochtain ar an tulach dó thug sé a uillinn le lár agus chodail.

Agus ar mhúscailt dó as a chodladh, nuair ab áil leis a chlaíomh do ghabháil ní bhfuair ach arm mná ina ionad .i. coigeal. Agus is amhlaidh a bhí agus léine mná uime go talamh agus is é do bhí ar a cheann friothlacht⁸ mná .i. folt fhada dhualchaol fhorórga fhíormhaiseach faoi chliath a chinn, agus nuair a chuir sé lámh thar a aghaidh ní bhfuair finne ulcha na féasóige uirthi, agus chuir sé a lámh idir a shliasta agus fuair comhartha bandachta ann.

Ansin níor chreid an t-óglach sna comharthaí éagsúla sin, mar ba dhóigh leis gur fuathú agus draíocht a imríodh air. Ina dhiaidh sin tháinig bean mhór áirithe thart agus í déisteinach, an-ghrána, ina harracht greannach glasliath gleannsuíleach, agus is é a dúirt sí: ‘Conas a tharla duit, a iníon mhín mhacdhachta⁹ mhongbhuí¹⁰, a bheith i d’aonar ar an tulach seo i bhfeasgar lae agus i dtosach oíche?’

Agus ba dhubhach deorach dobrónach a bhí an iníon de dheasca an scéil sin agus dúirt ina dhiaidh sin: ‘Ní fheadar cá rachaidh mé nó cad a dhéanfaidh mé. Óir má théim abhaile ní thabharfaidh mo mhuintir aithne orm agus má dhéanaim imeacht is baol d’aon bhean imeacht ina haonar. Mar is fearr dom dul faoin domhan mar thug Dia breith orm, óir is É a shaobh mo chruth agus mo dheilbh agus a chuir in éagruth agus in ainriocht mé. Ach cé gur chuir Dia in athrach éagaisc mé, tugaim faoi mo bhriathar i bhfianaise Dé nár chroch mé duine agus nár fheall mé ar aon duine agus nár thugas sárú ar chlog ná ar mhionn ná ar bhachall¹¹ agus nár chráigh mé cill agus nach ndúirt olc le neach agus nach ndeachaigh aoi díomách ó mo threibh ná ó mo theaghais riamh’.

D’éirigh sí ina dhiaidh sin don chnoc agus don tulach thaitneamhach thaobh-álainn agus rinne sí nuallghubha neimhéalach¹² agus caí throm thuirseach, agus dúirt sí ag éirí don chnoc: ‘Trua,’ a dúirt sí, ‘nach súnn talamh na tulaí mise an uair seo, óir ní fheadar cá rachaidh mé nó cad a dhéanfaidh mé’. D’imigh sí roimpi ina dhiaidh sin thar fhána an chnoic siar gur shroich sí faiche Chromghlinne .i. cill a bhí siar ó Dhroimeanach. Theagmhaigh óglach mór míleata áirithe léi ar fhaiche an bhaile agus thug an t-óglach grá díochra dofholaithé di agus gabh ar a guí agus níor ghabh uaithi go dtí go ndeachaigh sé ina gnás agus ina caoifeacht¹³, agus tar éis dóibh codladh le chéile d’fhiafraigh an t-óglach den iníon cén chríoch arbh as di agus cérbh í féin. Dúirt an iníon leis nach bhfaigheadh sé a fhios sin uaithi dá mba chian gairid dóibh i bhfochair a chéile.

‘Mise,’ a dúirt an t-óglach, ‘a dhéanfaidh mo shloinne duitse, óir is mé airchinneach na cille seo darb ainm Cromghlinn agus theastaigh mo bhean dhá bhliain uaithi agus beidh tusa mo chéile cuí comhaoise.’

Agus chuaigh siad araon ina dhiaidh sin do theach an airchinnigh agus d’fhear muintir an tí fáilte mhiochair mhuinteartha uirthise agus bhí sí seacht mbliana aige ina bean agus ina banchéile; agus mórsheisear clainne a rug sí dó i rith na ré sin.

Ina dhiaidh sin tháinig teachtaire go dtí an t-airchinneach ó shámhadh¹⁴ agus ó chomhthionól Dhroimeanaigh ag tabhairt cuireadh dó faoin gCáisc, agus chuaigh sí féin maraon leis an airchinneach go dtí an cnoc ar saobhadh a cruth ann ar dtús agus chuaigh a chodladh de chéaduair sa chnoc, agus chuaigh an t-airchinneach lena mhuintir chun na cille; agus tar éis don iníon múscailt as a codladh is amhlaidh a bhí sí ina fear faoin deilbh ina raibh sí riamh; agus fuair sé a chlaíomh crosórga cumaí¹⁵ ar a glúin, agus dúirt: ‘A Dhé chumhachtaigh, is mór an ciach ina bhfuilim,’ agus chuaigh sé tar éis a chaointe dhearbhmhóir go dtí a chéad áras.

⁴ Bruíon: *óstán*

⁵ Le custal a ghealchnis: *luite lena ghealchneas*

⁶ Aneachtair: *amuigh*

⁷ Inaonaigh: *maith a dhóthain chun é a iompar ar an aonach*

⁸ Friothlacht: *ceannbheart (?)*

⁹ Macdhachta: *inphósta, in aois breithe clainne*

¹⁰ Mongbhuí: *le folt fionn*

¹¹ i.e. níor thug sé mionn éithigh.

¹² Nuallghubha neimhéalach: *gol glórach caointeach*

¹³ Ina caoifeacht: *ina cuideachta*

¹⁴ Sámhadh: *comhthionól eaglaiseach*

¹⁵ Cumaí: *dea-chumtha*

Agus dúirt a bhean leis ansin: 'Is ró-fhada atá tú in éagmais do thí'. Is ansin a cuireadh an teach óil in eagar agus a insíodh an scéal iontach sin do lucht an tí, ach níor creideadh é, mar dúirt a bhean nach raibh siad aon uair amháin de lá ina éagmais. Faoi dheireadh, tar éis na comharthaí iomaí éagsúla a thabhairt, cuireadh a scéal in iúl agus tugadh breith idir lucht an tí agus airchinneach Chromghlinne, agus is í an bhreith a tugadh eatarthu an chlann a roinnt idir bheirt agus an mac iomarcach a bhí ann a thabhairt don airchinneach ar son an altrama agus is amhlaidh a scar siad lena chéile.



An Ghailleach Shasanach

Ba í an Ghailleach Shasanach bean chéile Phiarais de Bermingham, duine de thaoisigh Normannacha na hÉireann agus tiarna míthrócaireach. Is léir óna leanann thíos nárbh aon dóithín í agus nach raibh drogall uirthi lámh chúnta a thabhairt dá fear.

Sa chéad chuid den 14ú haois bhí aighneas géar idir na coilínigh Angla-Normannacha (na "Gaill") agus na hÉireannaigh (agus aighneas idir bhaill den dá dhream faoi seach). Is iomaí sléacht a rinneadh dá bharr, agus bhí droch-cháil ar leith ar Phiaras as taoisigh de mhuintir Chonchúir a dhúnmharú Domhnach na Tríonóide 1305 agus iad ar cuairt ina chaisleán aige. Dúradh go ndearnadh é seo chun teacht roimh mhuintir Chonchúir agus rún acu de Bermingham agus coilínigh eile a mharú.¹⁶

D'ainneoin an aighnis, bhí Gaill agus Gaeil ag déanamh caidrimh le chéile. Bhí aithne mhaith ag Piaras ar an dá thaoiseach úd, Muircheartach Ó Conchúir Fhailí agus An Calbhach. (Bhí smacht ag Ó Conchúir Fhailí ar limistéar a raibh cuid de Chontae Uíbh Fhailí, de Chontae Laois agus de Chill Dara ann.) Bhí Piaras ina chara Chríost (athair baiste) ag mac beag an Chalbhach agus ina chomhathair baiste ag clann Mhuircheartaigh.

Deirtear in Annála Inis Faithlinn go ndearnadh Muircheartach agus An Calbhach a mharú agus an mac beag (Maisir) a chaitheamh thar balla amach. Deirtear go raibh an Ghailleach Shasanach ar mhullach an chaisleáin agus í ag cuidiú leis an drochobair trína fhógairt cá raibh lucht leanúna na dtaoiseach ag iarraidh dul i bhfolach.

Muircheartach Ó Conchúir Fhailí agus An Calbhach a bhráthair do mharbhadh de Shir Piaras de Breimíngheam ar thabhairt cuiridh dó dóibh trí cheilg agus trí mheabhail agus ar dhéanamh cairdeasa Chríost leis an darna fear díobh agus a ceathair¹⁷ leis an bhfear eile. Maisir, an naí bheag, ar mhac don darna fear díobh, do chuir Piaras féin faoi láimh easpaig, do díúracadh thar chaisleán amach gurbh amhlaidh a fuair sé bás; agus triúr nó ceathrar ar fhichid do mharbhadh de mhuintir na bhfear réamhráite sin; agus an fear díobh sin a thagadh á fhólach, do fhógradh an Ghailleach Shasanach, .i. bean an Phiarais sin, de mhullach an chaisleáin, gur marbhadh mórán díobh trí na fógraí sin; agus is mairg Gael do bheir taobh le síocháin rí ná le Gallaibh ina dhiaidh sin...¹⁸

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

¹⁶ Roy Martin, Haines. *King Edward II: His Life, His Reign, and Its Aftermath, 1284-1330*. McGill-Queen's Press - MQUP 2003: Ich 286.

¹⁷ Comhchara Chríost

¹⁸ Annála Inis Faithlinn, I1305.4: <https://celt.ucc.ie/published/G100004/index.html>

